Polasaithe agus Nósanna Imeachta

OÉ Gaillimh
NUI Galway

**Cód:** QA269
**Teideal:** Polasaí maidir le Tacú le Mic Léinn atá i Sáinn
**Dáta:** **11 Deireadh Fómhair 2017**
**Faomhadh:** **An Chomhairle Acadúil (AC/17/A6/XII.4)(AC/19/A2/L.4)**
*(Arna leasú AC/19/A2/ L.2_Aibreán 2019)*

# Clár


1. Réamhrá ........ 3
2. Cuspóir agus Scóip ........ 3
An Gaol le Polasaithe agus Nósanna Imeachta Ollscoile eile........5
Cúinsí ina bhféadfadh gá a bheith le húsáid a bhaint as Polasaí maidir le Tacú le Mic Léinn i Sáinn........5
Tacaíocht agus Treoir Thosaigh do Mhic Léinn — Réamhghníomh........6
Nós Imeachta maidir le Tacú le Mic Léinn i Sáinn Céim 1 – Gníomh Neamhfhoirmiúil........6
Nós Imeachta maidir le Tacú le Mic Léinn i Sáinn Céim 2 – Cruinniú Athbhreithnithe Cáis Ildisciplínigh..7
8. Nós Imeachta maidir le Tacú le Mic Léinn i Sáinn Céim 3 – Painéal Athbhreithnithe........8
9. Fionraíocht Shealadach ar bhonn Imní maidir le Mic Léinn i Sáinn........8
10. Cásanna Éigeandála........9
11. Filleadh ar an Staidéar........9
12. Achomhairc........10
13. Ceisteanna Ginearálta: Coimeád Taifead, Cosaint Sonraí, Rúndacht........10
14. Modheolaíocht agus Athbhreithniú........10
Aguisín 1: Greille Measúnaithe Riosca........11
Aguisín 2 Taifead de Nóta faoi Ábhar Imní........13
- **Dearbhú: Cuir tic thíos ........ 15**

Aguisín 3: Freagra Chéim 2 – Athbhreithniú cáis ildisciplíneach........16
1. Cuspóir........16
2. Daoine a bhíonn i láthair ag an Athbhreithniú Cáis Ildisciplínigh........16
3. Reáchtáil an Athbhreithnithe........16

**Aguisín 4: Freagra Chéim 3 – Painéal Athbhreithnithe maidir le Tacú le Mic Léinn i Sáinn ........** 19
1. Cuspóir........19
2. Ballraíocht........19
3. I láthair ag an gcruinniú Athbhreithnithe........19
4. Reáchtáil an Athbhreithnithe........19
Aguisín 6: Achomharc........23

CUIMHNIGH: Má tá imní ar dhaoine faoi shábháilteacht aon duine ar ala na huaire sin, ba cheart é sin a chur in iúl do na Seirbhísí Éigeandála ag 999 nó 112. Ba cheart Seirbhísí Slándála OÉ Gaillimh a chur ar an eolas freisin trí ghlaoch ar an Uimhir Ghutháin Éigeandála 091-493333.

## Tacú le Mic Léinn i Sáinn

### 1. Réamhrá

1.1 Mar atá luaite inár bplean straitéiseach Fís 2020, cuireann OÉ Gaillimh roimhe a chinntiú go mbainfidh na mic léinn barr a gcumais amach ó thaobh intleachta de. Is próiseas dhá threo é seo ina mbíonn mic léinn agus léachtóirí lánpháirteach ina gcláir theagaisc agus foghlama. Is é an aidhm atá againn mic léinn a chumasú chun an cruth is mian leo a chur ar an saol atá amach rompu, trína chinntiú go bhfuil dul chun cinn maith déanta acu ó thaobh na hacadúlachta de agus go mbeidh siad ullmhaithe don saol, don saol oibre agus don tsaoránacht. Aithnímid go mbíonn a dhúshláin féin ag baint leis an turas acadúil, agus cuirimid romhainn go dtiocfadh forbairt iomlánaíoch ar ár mic léinn ar fad dá ilchineálaí iad. Is gné lárnach d'fholláine agus d'fhéiniúlacht ár gcuid mac léinn é an muintearas atá eatarthu. Neartaítear an muintearas sin nuair a bhraitheann mic léinn go bhfuil siad fréamhaithe laistigh dá bpobail foghlama, nuair is féidir leo a bhfriotal féin a chur ar na scileanna agus na cumais atá á bhforbairt acu ar na cláir léinn, agus nuair a bhíonn tacaíocht le fáil acu i réimsí cosúil le cóiríocht, airgead, leas, spórt agus cultúr. Dá bhrí sin, ba cheart go mbeadh mic léinn in ann staidéar a dhéanamh agus feidhmiú chomh maith agus is féidir leo i dtimpeallacht atá sábháilte agus compordach. I gcás fhormhór mór na mac léinn, téann siad ar aghaidh ó bhliain go bliain agus cuireann siad a gcuid staidéir i gcrích gan aon tacaíocht bhreise seachas na cinn a luaitear thuas. Mar sin féin, tá gá le cur chuige comhordaithe i gcás mic léinn áirithe chun freagairt do mhac léinn atá i gcruachás. Mar an gcéanna, ní mór do mhic léinn cloí le caighdeáin áirithe iompraíochta chun pobal na hOllscoile a chothabháil agus a fheabhsú. Nuair a tharlaíonn sé go mbíonn mac léinn ag cur isteach ar a chuid staidéir féin nó ar an staidéar a bhíonn á dhéanamh ag daoine eile nó nuair a dhéanann sé/sí éilimh mhíréasúnta ar an bhfoireann nó ar mhic léinn eile, bíonn gá le polasaí chun an scéal a réiteach. D'fhéadfadh baint a bheith ag na gníomhartha seo le géarchéim i saol an mhic léinn agus, dá bhrí sin, ní bheadh sé oiriúnach déileáil leo faoin gCód Iompair araíonachta. Tá sé mar aidhm ag an bpolasaí seo freagairt do mhic léinn a bhfuil tacaíocht de dhíth orthu mar gheall ar ghéarchéim.

1.2 Ba cheart féachaint ar an bPolasaí maidir le Tacú le Mic Léinn i Sáinn mar phróiseas dearfach agus tacúil ina dtugtar aitheantas do na riachtanais ar leith a bhíonn ag an mac léinn. Tá sé i gceist oibriú le mic léinn aonair a bhfuil tréithe iompraíochta á léiriú acu a mbeadh imní fúthu.

1.3 Is é príomhchuspóir na cáipéise seo nósanna imeachta a leagan amach a mbíonn ar an Ollscoil cloí leo nuair a chuirtear imní in iúl faoi iompraíocht mic léinn. Mar riail, níl sé beartaithe an polasaí seo a úsáid ach amháin i gcásanna ina meastar go bhfuil iompraíocht an mhic léinn, a mhéad a bhíonn sé/sí ag cur isteach ar dhaoine nó an riosca a bhaineann leis an mac léinn tromchúiseach nó go bhféadfadh siad a bheith tromchúiseach. Más féidir, ba cheart seirbhísí tacaíochta eile na hOllscoile atá ar fáil do mhic léinn, mar atá leagtha amach i gCuid 5 thíos, a úsáid ar an gcéad ásc sula ndéantar aon ghníomh foirmiúil.

### 2. Cuspóir agus Scóip

2.1 Is é is aidhm don cháipéis seo roinnt cuspóirí a chomhlíonadh:

1. I gcás mic léinn a d'fhéadfadh iarratas a dhéanamh ar an Ollscoil seo:
    - (i) soiléiriú agus treoir a thabhairt maidir leis an méid ar cheart dóibh a bheith ag súil leis ó thaobh staidéir de in OÉ Gaillimh
2. I gcás comhaltaí foirne:
    - (i) treoirlínte soiléire agus nósanna imeachta atá cothrom agus comhréireach a chur ar fáil a bheidh le leanúint nuair a thiocfaidh ábhair mhóra imní ar gá aghaidh a thabhairt orthu chun cinn maidir le hiompraíocht mac léinn cláraithe;

(ii) próiseas soiléir a shainiú chun a chinntiú go bhfillfidh mic léinn ar an Ollscoil go sábháilte agus mar is cuí tar éis sos staidéir de bharr géarchéime.

3. I gcás gach mac léinn:

(i) cabhrú le tuiscint agus meas ar an bPolasaí maidir le Tacú le Mic Léinn i Sáinn agus a riachtanais
(ii) nósanna imeachta foirmiúla tacúla a chur ar fáil
(iii) cur ar chumas mic léinn tarraingt siar/saoire neamhláithreachta a ghlacadh go deonach mar thoradh ar bheith i sáinn
(iv) a chinneadh an gá do mhac léinn saoire neamhláithreachta a ghlacadh mar gheall ar bheith i sáinn agus conas a ghlacfaidh sé/sí an tsaoire neamhláithreachta sin
(v) an próiseas maidir le filleadh ar an staidéar a shoiléiriú.

2.2 Cuireann nós imeachta scríofa ar chumas na mac léinn cáipéis a bheith acu ar féidir leo tagairt a dhéanamh di, ina dtugtar míniú soiléir dóibh ar na freagrachtaí atá orthu agus ar an méid a mbeifear ag súil leis uathu agus iad ag tabhairt faoin staidéar agus faoin saol laistigh de phobal na hOllscoile.

2.3 Dá dtarlódh go mbeadh fadhb ann, meastar nár cheart ach na bearta atá riachtanach a dhéanamh chun leas an mhic léinn a chosaint, rud a chinnteodh go mbeidh cur chuige comhsheasmhach, íogair agus neamh-idirdhealaitheach ann maidir le tacaíocht chuí a sholáthar do mhic léinn.

2.4 Féadfaidh an fhoireann teagaisc, an fhoireann acadúil nó an fhoireann tacaíochta tús a chur leis an nós imeachta má tá údar go leor acu imní a bheith orthu faoin mac léinn. Is féidir an próiseas seo a úsáid le ceisteanna atá ag déanamh imní do dhaoine i gcodanna eile de phobal na hOllscoile a chur le chéile go foirmiúil.

2.5 Ní chun plé le ceisteanna feidhmíochta acadúla (ar chóir déileáil leo faoi na gnáthnósanna imeachta measúnaithe) nó le ceisteanna tinrimh a ceapadh an polasaí seo.

2.6 Déanfar an leibhéal riosca a bhaineann le mac léinn a thomhas ar dtús leis an bpróiseas measúnaithe riosca trí úsáid a bhaint as an 'ngreille measúnaithe riosca' (Aguisín 1). Bainfear úsáid as seo mar chuid den nós imeachta chun modh comhsheasmhach a sholáthar chun measúnú a dhéanamh ar an riosca don mhac léinn, do dhaoine eile agus don institiúid. Beidh Déan na Mac Léinn (nó an t-ainmní) i gceannas ar an bpróiseas seo i gcomhar leis an bhfoireann acadúil, a mbeidh ról lárnach acu maidir leis an bhfianaise ar leith a bheidh mar bhonn le hábhair imní ar bith a bheidh ann a aithint.

2.7 Tá trí chéim i gceist leis an bpolasaí agus na nósanna imeachta maidir le Tacú le Mic Léinn i Sáinn. Ag brath ar a dháiríre atá an cás agus ar a thromchúisí atá aon rioscaí a bhraitear a bheith ann, féadfar gníomh a thionscnamh ag aon cheann de na trí chéim.

2.8 Má chuirtear imní in iúl fad atá mac léinn ar shocrúchán, leanfaidh an Ollscoil an 'Polasaí agus Nós Imeachta maidir le hOiriúnacht i dtaca le Cleachtadh' mar phríomhthreoir, le tacaíocht ón bPolasaí maidir le Tacú le Mic Léinn i Sáinn.

2.9 Is é/í Déan na Mac Léinn atá freagrach as an bpolasaí seo a fhorbairt, a chur i bhfeidhm agus a athbhreithniú go leanúnach tar éis don Chomhairle Acadúil é a fhaomhadh.

**An Gaol le Polasaithe agus Nósanna Imeachta Ollscoile eile**

3.1 Faoi réir chlásal 3.2, ní dhéanfar an Polasaí maidir le Tacú le Mic Léinn i Sáinn a úsáid i gcásanna atá á mbreithniú cheana féin faoi na polasaithe agus na nósanna imeachta seo a leanas de chuid na hOllscoile, ach gan a bheith teoranta dóibh:

i) Marcanna agus Caighdeáin Acadúla
ii) Oiriúnacht i dtaca le Cleachtadh
iii) Cód Iompair, ach amháin i gcás ina measann an coiste Araíonachta go bhfuil amhras tromchúiseach ann maidir le hoiriúnacht chun staidéir.
iv) Ciapadh.
v) Bulaíocht

3.2 Beidh an rogha ag Déan na Mac Léinn nó ag an Uachtarán a chinneadh cé acu polasaí a úsáidfear.

**Cúinsí ina bhféadfadh gá a bheith le húsáid a bhaint as Polasaí maidir le Tacú le Mic Léinn i Sáinn**

4.1 Is nós é san Ollscoil seo go gcuirtear tacaíocht ar fáil do mhic léinn, ón bhfoireann acadúil agus tacaíochta agus Seirbhísí do Mhic Léinn. Tiocfaidh go leor de na mic léinn a mbíonn dúshláin mhóra le sárú acu slán má bhaineann siad leas as an tacaíocht atá ar fáil. Tá sé beartaithe go leanfar leis an nós tacaíochta sin agus níl sé i gceist an polasaí seo a úsáid ach amháin i gcásanna inar cinnte nach féidir deacrachtaí a réiteach trí úsáid a bhaint as tacaíochtaí atá ann cheana.

4.2 Is féidir amhras a léiriú maidir le hiompraíocht mic léinn mar gheall ar réimse leathan cúinsí. Áirítear orthu sin na cúinsí seo a leanas (ach níl siad teoranta dóibh):

- Tá sé curtha in iúl ag an mac léinn do dhuine san Ollscoil go bhfuil fadhb aige/aici agus/nó tá eolas curtha ar fáil aige/aici a thugann le fios go bhfuil sé/sí i sáinn agus tacaíocht ag teastáil uaidh/uaithi. Cé go gcoinneofaí an scéal faoi rún agus, dá réir, nach mbeadh aon mhionsonraí á dtabhairt maidir leis an méid a pléadh sa chomhrá, má tá ábhar imní ann, féadfar an cheist a ardú agus a phlé faoin bpolasaí seo.
- Tugann iompraíocht an mhic léinn le fios go bhféadfadh sé go bhfuil gá le haghaidh a thabhairt ar ghéarchéim bhunúsach. D’fhéadfadh géarchéim teacht as na nithe seo a leanas ach níl sé teoranta dóibh; eachtra leighis, imthosca maolaitheacha airgeadais, mí-úsáid substaintí, mí-úsáid fhisiciúil nó ghnéasach, easpa dídine.
- Iompraíocht, a ndéileálfaí léi thairis sin mar ábhar araíonachta, a meastar gur ann di mar thoradh ar ghéarchéim.
- Tá iompraíocht an mhic léinn ag cur isteach go mór ar a c(h)uid staidéir féin nó ar chumas staidéir daoine eile, nó is é an toradh atá uirthi go ndéantar éilimh mhíréasúnta ar chomhaltaí foirne nó ar mhic léinn eile.
- Cuireann tríú páirtí (e.g. duine atá ag roinnt tí leis an duine, cara, comhghleacaí, soláthróir socrúcháin, duine den phobal, gairmí leighis) in iúl go bhfuil imní air/uirthi faoin mac léinn a léiríonn go bhfuil amhras ann faoina (h)iompraíocht.

4.3 Ar na réimsí a bheidh ina n-ábhar imní, beidh:

- Sábháilteacht an mhic léinn, mar thoradh ar fhéinghortú a bheith déanta d’aon ghnó nó de thimpiste
- Cé acu an baol daoine eile don mhac léinn nó an baol do dhaoine eile é/í
- Riachtanais an mhic léinn, lena n-áirítear:
    - a c(h)umas aire a thabhairt dó/di féin
    - aon fhadhbanna míchumasaithe nó ciaptha a bhaineann le smaoineamh, mothú nó iompraíocht
    - deacrachtaí suntasacha le gníomhaíochtaí nó i gcaidrimh le daoine eile.

Ba cheart an ghreille measúnaithe riosca (Aguisín 1) a úsáid le measúnú a dhéanamh ar an leibhéal riosca.

**4.4 I ngach cás, ba cheart fógra a thabhairt do Stiúrthóir Cláir/do Cheann Scoile/do Dhéan Coláiste an mhic léinn ionas go mbeidh an Clár/Scoil/Coláiste ar an eolas faoin gcás agus go mbeidh sé/sí in ann aon tacaíocht is gá a chur ar fáil.**

**Tacaíocht Tosaigh agus Treoir do Mhic Léinn – Réamhghníomh**

5.1 Moltar do mhic léinn a bhfuil deacracht acu a théann i bhfeidhm ar a n-oiriúnacht ghinearálta chun staidéir dul i gcomhairle ar an gcéad dul síos leis na seirbhísí tacaíochta ábhartha chun deacrachtaí a phlé agus chun réitigh a lorg. Seo thíos liosta de theagmhálacha a bhféadfaí cabhair a fháil uathu:

- Ionad Sláinte na hOllscoile (agus trí atreorú chuig an Oibrí Tacaíochta Meabhairshláinte)
- Comhairleoir do Mhic Léinn
- Seirbhís Comhairleoireachta na Mac Léinn
- An tSeirbhís Tacaíochta Míchumais
- An tIonad Rochtana
- Comhairleoir Leasa Idirnáisiúnta
- An tSéiplíneacht
- Seirbhísí seachtracha cuí

Is féidir tuilleadh eolais a fháil faoi na seirbhísí sin agus seirbhísí eile atá ar fáil ach cuairt a thabhairt ar leathanaigh ghréasáin na Seirbhísí do Mhic Léinn (http://www.nuigalway.ie/student-services/).

5.2 Táthar ag súil freisin go labhróidh mic léinn lena Stiúrthóir Cláir, le Ceann na Scoile nó le comhalta foirne cuí eile ina ndisciplín acadúil maidir leis an deacracht agus aon fhadhbanna eile atá acu a bhaineann le hábhar.

5.3 Ba cheart do chomhaltaí foirne a bhfuil nithe eile ag déanamh imní dóibh a bhaineann le hiompraíocht mic léinn, nó a bhfuil imní orthu faoi cheisteanna nár réitíodh maidir le hiompraíocht mic léinn, tabhairt faoi na hábhair imní sin a phlé ina dhiaidh sin tríd an bpolasaí seo a úsáid. Is féidir leis an bhfoireann Teagaisc, Acadúil, Lóistín nó leis an bhfoireann Tacaíochta do Mhic Léinn agus Folláine Mac Léinn tús a chur le húsáid na nósanna imeachta seo a leanas má bhíonn dóthain imní ar dhaoine faoin mac léinn. Ag brath ar a thromchúisí atá an cás agus ar a thromchúisí atá aon rioscaí a bhraitear a bheith ann (Aguisín 1), féadfar gníomh a thionscnamh ag aon cheann de na trí chéim.

**Nós Imeachta maidir le Tacú le Mic Léinn i Sáinn Céim 1 – Gníomh Neamhfhoirmiúil**

6.1 Mura n-éireoidh le réamhghníomh, ba cheart don chomhalta foirne a léirigh go raibh imní air/uirthi dul i gcomhairle le comhghleacaí chun na chéad chéimeanna eile a phlé nó comhairle a lorg ó Dhéan na Mac Léinn. Beidh Déan na Mac Léinn (nó a (h)ainmní) nó Ceann an Aonaid Acadúil i gceannas ar chur i bhfeidhm Chéim a hAon den pholasaí. Buailfidh an príomhchomhalta foirne (Déan na Mac Léinn nó ainmní nó Ceann an Aonaid Acadúil) leis an mac léinn chun a mhíniú dó/di, ar bhealach tacúil tuisceanach, go bhfuil imní léirithe maidir lena (h)iompraíocht tríd an bpolasaí seo a agairt.

De ghnáth, ba cheart gur comhalta foirne laistigh den disciplín acadúil é/í an príomhchomhalta foirne a léiríonn imní agus go mbeadh príomhfhreagracht air/uirthi agus/nó go mbeadh eolas aige/aici ar an mac léinn atá i gceist (e.g. Stiúrthóir Cláir nó Ceann Disciplín nó Ceann Scoile). Ach má léirítear imní i lóistín Ollscoile do mhic léinn, ba cheart go mbeadh an Oifig Lóistín agus Leasa i gceannas, i gcomhairle leis an bhfoireann acadúil i ndisciplín an mhic léinn. Ba stuama athbhreithniú a dhéanamh ar pholasaithe eile OÉ Gaillimh a d'fhéadfaí a chur i bhfeidhm (mar shampla, Cód Iompair na Mac Léinn nó an Polasaí maidir le hOiriúnacht chun Cleachtaidh) sula gcuirtear tús leis an bpróiseas faoin bpolasaí seo.

6.2 Ba cheart an mac léinn a chur ar an eolas faoin gcineál áirithe iompraíochta ba chúis leis na hábhair imní a léiríodh (d'fhéadfadh sé nach dtuigfeadh sé/sí an tionchar a bhí ag a (h)iompraíocht). Más cuí, ba cheart tagairt a dhéanamh do leibhéal an riosca atá ag baint leis an mac léinn mar a thomhaistear é leis an bpróiseas measúnaithe riosca (Aguisín 1). Déanfaidh an príomhchomhalta foirne iarracht an scéal a réiteach trí phlé neamhfhoirmiúil leis an mac léinn. Ba cheart deis a thabhairt don mhac léinn a t(h)uairimí féin ar an gceist a mhíniú, agus ba cheart é/í a ghríosú le leas a bhaint as ceann amháin nó níos mó de na seirbhísí tacaíochta a chuireann an Ollscoil ar fáil. B'fhéidir gur chuí freisin féachaint an bhféadfaí athruithe réasúnta/socrú acadúil ar leith a dhéanamh chun go mbeidh an mac léinn in ann staidéar go héifeachtach. Nuair a bheidh sé/sí ag bualadh leis an bpríomhchomhalta foirne, féadfaidh cara/duine muinteartha a bheith in éineacht leis an mac léinn más mian leis/léi.

6.3 Táthar ag súil go mbeifear in ann deacrachtaí a réiteach ag an gcéim seo i bhformhór na gcásanna, agus go nglacfaidh mic léinn go dearfach leis an socrú sin, agus go gcomhoibreoidh siad go hiomlán leis an bpróiseas agus go mbainfidh siad leas as an tacaíocht atá ar fáil.

6.4 Ba chóir taifead a choinneáil ar an bplé neamhfhoirmiúil, an chomhairle agus aon ghealltanais a dhéanann disciplín agus/nó an mac léinn trí Nóta faoi Ábhar Imní (Aguisín 2) ar mhaithe leis an disciplín acadúil agus leis an mac léinn araon.

6.5 Ba chóir cruinniú athbhreithnithe a eagrú, seachtain i ndiaidh an chéad chruinnithe de ghnáth (trí chomhaontú idir an príomhchomhalta foirne agus an mac léinn dá bhféadfaí), chun ligean don mhac léinn machnamh a dhéanamh ar a (h)iompraíocht féin agus comhairle a lorg ó na seirbhísí tacaíochta atá ar fáil. Díreofar sa chruinniú seo ar aon bhearta a bheidh déanta ag an mac léinn le haghaidh a thabhairt ar na ceisteanna a bhí ina n-ábhar imní. Má bhíonn réiteach sásúil faighte ar na ceisteanna sin, déanfar nóta de sin. D'fhéadfaí tuilleadh cruinnithe a shocrú chun leanúint de mhonatóireacht a dhéanamh ar an gcás nó ar an dul chun cinn atá á dhéanamh agus chun a chinntiú go gcuirtear tacaíocht leanúnach ar fáil don mhac léinn chun go mbeidh sé ar a c(h)umas a bheith ag staidéar go héifeachtach. Más rud é, áfach, nach mbeidh aghaidh tugtha ar na hábhair imní, féadfar tréimhse athbhreithnithe eile a chomhaontú, nó rachaidh an cás ar aghaidh go dtí an chéad chéim eile den pholasaí.

6.6 Mura bhfuil mac léinn in ann comhoibriú leis an bpróiseas thuas nó a (h)iompraíocht a athrú, ba chóir a chur in iúl dó/di go bhféadfaí go measfaí go mbeadh gníomh níos foirmiúla faoi Chéim 2 den pholasaí oiriúnach.

**Nós Imeachta maidir le Tacú le Mic Léinn i Sáinn Céim 2 – Cruinniú Athbhreithnithe Cáis Ildisciplínigh**

7.1 Mura n-éiríonn leis an ngníomh a rinneadh faoi Chéim 1 mar atá leagtha amach thuas, nó má mheastar go bhfuil an cás ró-thromchúiseach chun go ndéileálfaí leis go neamhfhoirmiúil, is féidir Céim 2 den pholasaí a agairt. Tionólfaidh Déan na Mac Léinn nó Stiúrthóir Seirbhísí do Mhic Léinn Cruinniú Athbhreithnithe Cáis Ildisciplínigh. Páirteach sa chruinniú beidh an mac léinn, ionadaithe cuí ó dhisciplín acadúil an mhic léinn, ionadaithe ó Sheirbhísí do Mhic Léinn agus Comhaltas na Mac Léinn agus, nuair is cuí, ionadaithe ó sheirbhísí gairmiúla eile (Aguisín 3). Cuirfear oiliúint ar gach ball den phainéal sula dtabharfaidh siad faoi chruinniú athbhreithnithe cáis.

7.2 Déanfar na gníomhartha seo a leanas :

- Nóta faoi Ábhar Imní (Aguisín 2) a chruthú nó leanúint ar aghaidh le Nóta faoi Ábhar Imní ó Chéim 1.
- An cineál ábhair imní a nochtadh a chur in iúl i scríbhinn don mhac léinn

- An deis a thabhairt don mhac léinn freagra a thabhairt ar an ábhar imní
- Cruinniú athbhreithnithe cáis ildisciplíneach a eagrú (Aguisín 3).

7.3 D'fhéadfadh sé go ndéanfaí ceann ar bith díobh seo a leanas a mholadh de thoradh an chruinnithe:

- An Nóta faoi Ábhar Imní a dhúnadh mura bhfuil gá le haon ghníomh eile
- Tacú le mac léinn ar mian leis nó léi Saoire Neamhláithreachta a ghlacadh óna c(h)uid staidéir dá d(h)eoin féin gan gá le freagra ó Chéim 3. Tá sé i gceist go mbreithneofaí faoi Chéim 2 den pholasaí seo gach mac léinn a tharraingíonn siar dá d(h)eoin féin mar gheall ar bheith i sáinn.
- Dul ar aghaidh go Céim 3 mar gheall ar imní faoi iompraíocht an mhic léinn. Ní bheidh sé seo oiriúnach ach amháin sna cásanna is tromchúisí ina n-aithnítear, mar shampla, i gcás fianaise ar bhaol tromchúiseach do shláinte agus sábháilteacht an mhic léinn nó daoine eile, agus má mheastar gur chuí mar ghníomh an mac léinn a chur ar fionraí, a eisiamh nó a dhíbirt, nó má moladh gníomh ar leith amhail staidéar páirtaimseartha nó saoire neamhláithreachta ach nach gcloíonn an mac léinn leis.

## 8. Nós Imeachta maidir le Tacú le Mic Léinn i Sáinn Céim 3 – Painéal Athbhreithnithe

8.1 Ní chuirfear an chéim sin den nós imeachta i bhfeidhm ach amháin tar éis atreorú ó Chruinniú Athbhreithnithe Ildisciplínigh Chéim 2 nó más rud é, i dtuairim Uachtarán na hOllscoile (tar éis comhairle a lorg mar is cuí), go n-ardaítear ábhair imní atá tromchúiseach go leor chun breithniú a dhéanamh ar fhionraí, eisiamh, díbirt nó tréimhse saoire an mhic léinn (e.g., dá bhféadfadh sé/sí a bheith ina bhagairt dá s(h)láinte agus dá s(h)ábháilteacht féin nó daoine eile, nó má chuireann sé/sí isteach ar oibriú na hOllscoile).

8.2 Déanfaidh Déan na Mac Léinn i gcomhairle le Déan an Choláiste Céim 3 den pholasaí a agairt mar seo a leanas:

1. Nóta faoi Ábhar Imní a Chruthú (Aguisín 2)
2. An cineál ábhair imní a nochtadh a chur in iúl i scríbhinn don mhac léinn
3. An deis a thabhairt don mhac léinn freagra a thabhairt ar an ábhar imní a cuireadh in iúl
4. Painéal Athbhreithnithe a Eagrú (Aguisín 4) chun an cás a mheas.

Is iad na torthaí féideartha:

a. Éilíonn an painéal ar an mac léinn Saoire Neamhláithreachta a ghlacadh ón staidéar ar feadh tréimhse chomhaontaithe

nó

b. Is féidir leis an mac léinn leanúint ar aghaidh leis an staidéar, faoi réir plean gníomhaíochta comhaontaithe

## 9. Fionraíocht Shealadach ar bhonn Imní maidir le Mic Léinn i Sáinn

9.1 D'fhéadfadh iompraíocht agus gníomhartha mic léinn a bheith ina gcúis imní maidir le sábháilteacht an mhic léinn agus/nó sábháilteacht daoine eile, rud a spreagfadh an gá an mac léinn a eisiamh ón Ollscoil go sealadach, go dtí go ndéanfar imscrúdú breise agus/nó bainistiú breise ar an gcás. I gcás gur dealraitheach, i dtuairim an Uachtaráin, go bhfuil cúiseanna imní den sórt sin ann, beidh sé/sí, tar éis dó/di cibé comhairle a lorg a mheasann sé/sí a bheith cuí, i dteideal mac léinn a chur ar fionraí (gan pionós airgid a ghearradh) ar an mbonn go bhfuil an fionraí sealadach agus riachtanach chun an mac léinn agus pobal na hOllscoile a chosaint (Aguisín 5).

## 10. Cásanna Éigeandála

10.1 Tá sábháilteacht daoine aonair fíorthábhachtach. Ó am go chéile, is féidir le hiompraíocht nó gníomhartha mic léinn é/í féin nó daoine eile a chur i mbaol suntasach. Tá sé tábhachtach go ndéanfar bearta tráthúla mar fhreagra air sin. I gcásanna **práinne/éigeandála** d'fhéadfadh sé go mbeadh gá leis na gníomhaíochtaí tráthúla sin sula mbeidh am ann forálacha an Pholasaí seo a úsáid. Má úsáideann an Ollscoil polasaithe eile ní dhéanfaidh sé sin aon dochar dá ceart an Polasaí maidir le Tacú le Mic Léinn i Sáinn a úsáid.

CUIMHNIGH: Má tá imní ar dhaoine faoi shábháilteacht aon duine ar ala na huaire sin, ba cheart é sin a chur in iúl do na Seirbhísí Éigeandála ag 999 nó 112. Ba cheart na Seirbhísí Slándála a chur ar an eolas freisin trí ghlaoch ar an Uimhir Ghutháin Éigeandála 091 493333.

## 11. Filleadh ar an Staidéar

11.1 Tar éis tréimhse fionraí nó saoire neamhláithreachta, is é/í Déan an Choláiste a dhéanfaidh an cinneadh cead a thabhairt don mhac léinn filleadh ar an staidéar. Agus cinneadh den sórt sin á dhéanamh, lorgóidh Déan an Choláiste comhairle ó Chathaoirleach an Phainéil Athbhreithnithe, más rud é gur ghlac an mac léinn briseadh óna c(h)uid staidéir de bharr Chéim 3 den phróiseas, agus ó Dhéan na Mac Léinn (nó an t- ainmní). Cuirtear an mac léinn ar an eolas faoina f(h)reagrachtaí, chomh maith le freagrachtaí na hOllscoile, chun filleadh éifeachtach ar an staidéar a éascú.

11.2 Chuige sin, aithneoidh Déan na Mac Léinn (nó an t- ainmní) i gcomhairle le Déan an Choláiste na cúiseanna a bhfuil imní ar an Ollscoil an mbeidh an mac léinn in ann leanúint air/uirthi ag déanamh dul chun cinn sásúil. Éileoidh Déan na Mac Léinn (nó an t-ainmní) ar an mac léinn measúnú a chur ar fáil ar a c(h)umas na héilimh a bhaineann le staidéar san Ollscoil a bhainistiú, ag tarraingt aird ar chineál agus ar mhéid na ndúshlán a bhí ag an mac léinn roimhe seo agus ar ábhair imní na hOllscoile ina leith. D'fhéadfadh sé go n-éileodh an Ollscoil ar an mac léinn cead a thabhairt d'ionadaí ón Ollscoil labhairt le gairmí cuí leighis chun breithiúnas oiriúnach a fháil maidir le cibé an bhfuil an mac léinn maith go leor le filleadh ar an staidéar ag an am seo. Tá an ceart ag an Ollscoil comhairle ghairmiúil neamhspleách a lorg chomh maith.

11.3 Ní cheadófar do mhic léinn filleadh ach amháin má tá Déan na Mac Léinn i gcomhairle le Déan an Choláiste sásta go bhfuil an duine in ann dul chun cinn sásúil a dhéanamh agus cloí le haon choinníollacha a chuirtear air/uirthi ar fhilleadh dó/di.

11.4 I gcásanna ina mbeidh aon imní leanúnach ar an Ollscoil faoi chumas an duine dul chun cinn sásúil a dhéanamh, d'fhéadfadh tuairim duine gairmiúil eile a bheith ag teastáil. Sa chás seo, d'fhéadfadh sé go n-iarrfaí ar mhac léinn dul faoi mheasúnú leighis a dhéanfaidh dochtúirí/speisialtóirí ainmnithe ag an Ollscoil, ar chostas na hOllscoile, chun go bhféadfaí an cás a mheas i gceart.

11.5 In aon chás ina bhfilleann mac léinn ar an staidéar tar éis an polasaí maidir le Tacú le Mic Léinn i Sáinn a bheith curtha i bhfeidhm, féadfaidh an Ollscoil cinneadh a dhéanamh roinnt cruinnithe athbhreithnithe rialta a mholadh, idir an mac léinn agus Déan na Mac Léinn, ar féidir iad a úsáid chun plean chun filleadh ar an staidéar a éascú. Má dhéantar amhlaidh, ní mór don mhac léinn a c(h)omhoibriú leanúnach a thabhairt ina leith seo agus d'fhéadfadh na cruinnithe athbhreithnithe sin leanúint ar aghaidh ar feadh cuid den tréimhse nó iomlán na tréimhse atá fágtha aige/aici san Ollscoil. Coinneofar cuntas ar gach cinneadh ar thaifead Nóta faoi Ábhar Imní an mhic léinn (Aguisín 2).

## 12. Achomhairc

12.1 Tá sé de cheart ag mac léinn achomharc a dhéanamh in aghaidh chinneadh an Phainéil a cheangal ar an mac léinn saoire neamhláithreachta a ghlacadh ón staidéar ar feadh tréimhse chomhaontaithe, mar thoradh ar chinneadh an Phainéil Athbhreithnithe maidir le Tacú le Mic Léinn i Sáinn. Is é Coiste Achomhairc an Pholasaí maidir le Tacú le Mic Léinn i Sáinn (Aguisín 6) a dhéanfaidh achomharc dá leithéid.

## 13. Ceisteanna Ginearálta: Coimeád Taifead, Cosaint Sonraí, Rúndacht

13.1 Is dea-chleachtas é don fhoireann nótaí gearra a choinneáil i ndáil le haon idirghníomhaíocht le mic léinn ina raibh treoir nó cinneadh déanta maidir le fadhbanna pearsanta, agus ba cheart a chur in iúl don mhac léinn go bhfuil tú ag coinneáil taifid den chruinniú. Ba cheart go ndéanfaí é seo go háirithe i gcás mic léinn ar cúis imní iad.

13.2 Ba cheart dáta a chur leis an taifead agus é a scríobh a luaithe agus is féidir tar éis an chruinnithe leis an mac léinn. Ba cheart cineál an chruinnithe agus aon ghníomh a ghlactar nó aon chomhairle a thugtar a lua ann. Más cuí, ba cheart a lua freisin ar thug an mac léinn toiliú do ghníomh breise a dhéanamh nó nár thug. Ba chóir taifid a choinneáil go sábháilte sna ranna ar feadh trí bliana ar a laghad tar éis bhronnadh céime an mhic léinn agus ansin iad a scriosadh mura bhfuil sainchuspóir ann é a choinneáil. Ba cheart rúndacht agus slándáil nótaí a choimeád i gcomhréir le prionsabail na nAchtanna um Chosaint Sonraí 1988-2018 arna leasú.

13.3 Chomh luath agus a dhéantar Freagra ar Chéim 1, 2 nó 3 ar na nósanna imeachta seo a agairt, ní mór don Cheann Scoile/Déan, nó Déan na Mac Léinn de réir mar is cuí Nóta faoi Ábhar Imní (Aguisín 2) a líonadh agus a choinneáil. Chomh maith leis an Nóta faoi Ábhar Imní, i gcás fhreagraí Chéim 2 agus 3, déanfaidh Déan na Mac Léinn taifead i scríbhinn de gach cruinniú athbhreithnithe cáis ildisciplínigh agus de chruinnithe an Phainéil Athbhreithnithe a chomhlánú agus a choinneáil.

## 14. Modheolaíocht agus Athbhreithniú

Cuireadh polasaithe agus nósanna imeachta cuí a bhain le roinnt Ollscoileanna san áireamh agus an polasaí seo á ullmhú agus á athbhreithniú. Bhí an polasaí agus na nósanna imeachta seo faoi réir ag Measúnú Tionchair Comhionannais agus beidh siad faoi réir ag gnáth-athbhreithnithe Ollscoile i bhfianaise aon athruithe ar an reachtaíocht reatha.

## Aguisín 1: Greille Measúnaithe Riosca

Smaoinigh freisin ar ghnéithe eile atá ábhartha. Tá na ticbhoscaí ann sa chás go mbeadh duine ag iarraidh ábhair imní a chur in iúl.

| **1. Féindochar beartaithe** | **2. Féindochar neamhbheartaithe** | **3. Riosca ó dhaoine eile** | **4. Riosca do dhaoine eile** | **5. Maireachtáil** | ***6. Síceolaíoch*** | **7. Sóisialta** |
|---|---|---|---|---|---|---|
| ***Fachtóirí aonair:***<br>☐ rún féinmharaithe á léiriú<br>☐ plean soiléir<br>☐ a bheith in ann é a dhéanamh<br>☐ ullmhúcháin<br>☐ easpa dóchais<br>☐ gan dlúthchara, e.g. páirtí, cairde, gairmithe<br>☐ gan acmhainn mhaith aige/aici ar dhéileáil le deacrachtaí<br>☐ gan baic a bheith air/uirthi dochar a dhéanamh dó/di féin<br><br>***Smaoinigh ar fhachtóirí riosca:***<br>☐ féindochar d'aon turas san am a caitheadh<br>☐ (i) mí-úsáid alcóil/drugaí NÓ (ii) diagnóis (e.g. dúlagar, scitsifréine, neamhord pearsantachta)<br>☐ (i) AGUS (ii) = riosca méadaithe<br>☐ tinneas/míchumas coirp<br>☐ teagmháil le déanaí le dochtúir teaghlaigh<br>☐ curtha in ospidéal síciatrach le déanaí<br>☐ bás duine éigin le déanaí<br>☐ easpa cairde/teaghlaigh<br>☐ ag maireachtáil ina (h)aonar<br>☐ oibrí neamhoilte<br>☐ dífhostaíocht<br>☐ daoine scothaosta<br>☐ fear (go háirithe fir óga) | ***Smaoinigh ar neamhchúram ina leith féin:***<br>☐ easpa féinchúraim<br>☐ gan bheith ag ithe ná ag ól mar ba cheart<br><br>***Smaoinigh ar iompraíocht chontúirteach:***<br>☐ gan cabhair a lorg le haghaidh fadhbanna a mbaineann riosca leo<br>☐ cúnamh cuí a dhiúltú e.g. gan bheith ag tógáil cógais<br>☐ gan liúntais a éileamh<br>☐ easpa feasachta ar shábháilteacht an duine féin sa bhaile e.g. baol dóiteáin<br>☐ iompraíocht ghnéis bhaolach<br>☐ mí-úsáid substaintí<br>☐ fánaíocht<br><br>***Smaoinigh nach bhfuil an duine in ann áit shábháilte a choinneáil:***<br>☐ gan bheith in ann lóistín a bhainistiú<br>☐ gan bheith ag íoc cíosa<br>☐ a bheith i bhfiacha | ***Smaoinigh ar chineálacha éagsúla mí-úsáide nó saothraithe:***<br>☐ fisiciúil<br>☐ gnéasach<br>☐ mothúchánach<br>☐ ciníoch<br>☐ airgid<br>☐ faillí<br><br>***Smaoinigh ar riosca ó:***<br>☐ mic léinn<br>☐ comhaltaí foirne<br>☐ gaolta<br>☐ cairde<br>☐ comharsana<br>☐ strainséirí<br>☐ cóireálacha<br><br>***Smaoinigh ar an riosca go mbeadh cúramóir i mbun mí-úsáide:***<br>☐ strus ollmhór cúramóir ag fulaingt de bharr meabhairghalair/mí-úsáid alcóil/drugaí<br>☐ cúramóir a dhiúltaíonn cabhair<br>☐ mí-úsáid déanta ag an gcúramóir nó ar an gcúramóir<br><br>***Smaoinigh ar an riosca ón tsochaí:***<br>☐ caidrimh ina raibh mí-úsáid/dúshaothrú san am a caitheadh<br>☐ ciapadh ón bpobal<br>☐ an baile á úsáid ag daoine eile nach bhfuil fáilte rompu<br>☐ gan slándáil chuí a bheith sa bhaile<br>☐ eagla go mbainfear díoltas amach má dhéantar mí-úsáid a thuairisciú | ***Smaoinigh ar an riosca i leith:***<br>☐ mic léinn<br>☐ leanaí & cleithiúnaithe eile<br>☐ páirtithe<br>☐ cúramóirí<br>☐ comhaltaí foirne<br>☐ comharsana<br>☐ strainséirí<br><br>***Smaoinigh ar fhachtóirí riosca:***<br>☐ bagairtí reatha, go háirithe do dhuine ainmnithe<br>☐ foréigean ar dhaoine/ar mhaoin san am a caitheadh<br>☐ ábhar imní cúramóra<br>☐ rochtain ar airm<br>☐ gan aon bhac ar fhoréigean e.g. eagla roimh iarmhairtí<br>☐ coirloscadh san am a caitheadh<br>☐ dífhostaíocht<br>☐ mí-úsáid drugaí/alcóil<br>☐ strus<br>☐ guthanna ag insint don duine díobháil a dhéanamh do dhuine eile<br>☐ paranóia<br>☐ iompraíocht ghnéis bhaolach<br>☐ iompraíocht fhrithshóisialta<br>☐ easpa faisnéise faoi stair an duine<br>☐ gan aon mhuinín i ngairmithe<br>☐ bagairtí ginearálta nó sonracha atá bunaithe ar sheasamh míchuibheasach polaitiúil nó reiligiúnach | ***Smaoinigh an bhfuil fadhbanna ag an duine leis na nithe seo a leanas:***<br>☐ baile<br>☐ teas sa bhaile<br>☐ áiseanna riachtanacha (e.g. áiseanna níocháin, leithreas, oigheann, leaba)<br>☐ an cumas aire a thabhairt dá mbaile<br>☐ an cumas an baile a choinneáil sách glan agus slachtmhar<br>☐ dóthain bia & deochanna<br>☐ éadach<br>☐ dóthain airgid le maireachtáil<br>☐ soghluaisteacht<br>☐ an cumas iompar poiblí a úsáid<br>☐ an cumas déileáil le fadhbanna sláinte fisiciúla | ***Smaoinigh ar an méid seo a leanas:***<br>☐ iompraíocht róghníomhach, ionsaitheach, shuaiteach nó chorraithe<br>☐ fadhbanna le speabhraídí & siabhrán<br>☐ fadhbanna cognaíocha le cuimhne, treoshuíomh & tuiscint<br>☐ fadhbanna giúmair e.g. in ísle brí, máineach, imníoch<br>☐ fadhbanna le léitheoireacht nó scríbhneoireacht<br>☐ easpa straitéisí chun déileáil le rudaí<br>☐ dearcadh i leith fadhbanna<br>☐ iompraíocht maidir le cabhair a lorg<br>☐ fadhbanna spioradálta<br>☐ mothúcháin choimhthís | ***Smaoinigh ar fhadhbanna i gcaidrimh le daoine eile:***<br>☐ easpa cumais chun cairdeas a dhéanamh nó a choinneáil<br>☐ easpa caidrimh thacúla<br>☐ easpa dlúthchaidrimh<br>☐ fadhbanna gnéis<br>☐ fadhbanna cumarsáide<br>☐ gan bheith in ann déileáil le deacrachtaí laethúla<br><br>***Smaoinigh ar fhadhbanna i ngníomhaíochtaí:***<br>☐ oideachas<br>☐ baile/tí<br>☐ fóillíocht<br>☐ obair gan íocaíocht<br>☐ obair le híocaíocht<br>☐ taisteal<br>☐ easpa saoil a bhfuil brí phearsanta léi |

| | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Riosca | ☐ Éadrom | ☐ Éadrom | ☐ Éadrom | ☐ Éadrom | ☐ Éadrom | ☐ Éadrom | ☐ Éadrom |
| | ☐ Measartha | ☐ Measartha | ☐ Measartha | ☐ Measartha | ☐ Measartha | ☐ Measartha | ☐ Measartha |
| | ☐ Ardaithe | ☐ Ardaithe | ☐ Ardaithe | ☐ Ardaithe | ☐ Ardaithe | ☐ Ardaithe | ☐ Ardaithe |
| | ☐ Trom | ☐ Trom | ☐ Trom | ☐ Trom | ☐ Trom | ☐ Trom | ☐ Trom |
| | ☐ As cuimse | ☐ As cuimse | ☐ As cuimse | ☐ As cuimse | ☐ As cuimse | ☐ As cuimse | ☐ As cuimse |

Tá an ghreille mheasúnaithe seo bunaithe ar an ‘Threshold Assessment Grid (TAG)’ a d'fhorbair the Institute of Psychiatry at King’s College London (Slade et *al*., Soc. Psychiatry PsychiatrEpidemiol (2000) 35: 78-85.

## Aguisín 2 Taifead de Nóta faoi Ábhar Imní

Céim 1 2 3 (Cuir ciorcal timpeall ar an gceann cuí)

Ainm an Mhic Léinn:

Uimhir Aitheantais:

Seoladh:

Guthán/Sonraí Teagmhála: Guthán Póca: Guthán Baile:

Rphost:

Dáta Breithe:

Inscne: Fear Bean Eile

An té a chuir an t-ábhar imní in iúl:

Achoimre ghairid ar an ábhar imní:

| |
|---|
| *Tuairisc ghairid fhíriciúil ar an ábhar imní. Tá samplaí/tuairimí ar leith thar a bheith cabhrach.* |

Ráitis/Tuairimí na Foirne Acadúla/Riaracháin/Tacaíochta eile:

| |
|---|
| *Déan tuairimí comhaltaí foirne/eile, seachas an duine a thuairiscigh an t-ábhar imní ar dtús, a thaifeadadh, le samplaí ar leith nuair a bhíonn a leithéid ann. Is féidir tuairimí/ráitis ó sheirbhísí tacaíochta gairmiúla/meantóirí acadúla/foireann leasa chuí a áireamh anseo.* |

Ráitis/Tuairimí an Mhic Léinn:

| |
|---|
| *Ba cheart cuireadh a thabhairt don mhac léinn a ráitis/t(h)uairimí ar na hábhair imní agus ar an bplean tacaíochta/socruithe leantacha a chur ar taifead.* |

Plean Gnímh Comhaontaithe:

| |
|---|
| *D'fhéadfaí go n-áireofaí leis sin aon tacaíocht a mholtar/a shocraítear, mar aon le torthaí comhaontaithe atá inmhianaithe agus teorainneacha maidir le hidirghníomhaíochtaí/iompraíocht inghlactha, nuair is cuí.* |

Dáta Athbhreithnithe:

Nóta Tábhachtach: (Má tá Saoire Neamhláithreachta nó Éirí As á meas)

Tá sé tábhachtach go ndéanfadh an mac léinn agus an Ollscoil breithniú ar na himpleachtaí saoire neamhláithreachta nó éirí as an gclár céime. D'fhéadfadh impleachtaí airgeadais a bheith tháillí clárúcháin/teagaisc nó do dheontas má fhilleann nó nuair a fhilleann mac léinn ar an tríú leibhéal ar dháta níos déanaí. Is féidir comhairle shonrach bhreise a fháil ó Oifig na dTáillí, OÉ Gaillimh. Beidh an t-údarás ag Déan na Mac Léinn, dá rogha féin, tarscaoileadh táillí a dheonú má mheastar gur gá sin ag cur imthosca an cháis san áireamh.

- **Dearbhú: Cuir tic anseo thíos.**

  - ☐ Tuigim nádúr an ábhair imní/na n-ábhar imní a léirigh an Ollscoil, mar a mhínítear dom agus mar atá leagtha amach sa cháipéis seo agus an tionchar/na hiarmhairtí a d'fhéadfadh a bheith ag an ábhar imní seo ar mo chumas féin chun staidéar a dhéanamh
  - ☐ Tuigim freisin an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag an ábhar seo ar phobal na mac léinn agus na gcomhaltaí foirne atá ag obair agus ag staidéar san Ollscoil
  - ☐ D'aontaigh mé oibriú i dtreo an phlean gníomhaíochta a leagtar amach thuas, plean a forbraíodh chun tacú liom
  - ☐ Tuigim mura bhfuil mé in ann nó mura bhfuil mé toilteanach an plean gníomhaíochta a chur i gcrích, go mbeidh ar an Ollscoil smaoineamh ar ghníomhartha cuí nó feabhais a dhéanamh, nó an cás a chur ar aghaidh de réir mar a theastóidh uaim.
  - ☐ Tuigim go roinnfear mo phlean gníomhaíochta le seirbhísí ábhartha eile laistigh den Ollscoil. Dá bhrí sin, cuirfear cóip den Phlean Gníomhaíochta seo faoi bhráid Stiúrthóir an Chláir nó an Chinn Disciplín nó an Chinn Scoile agus/nó Dhéan na Mac Léinn agus comhaltaí foirne eile, de réir mar a chinneann an príomhchomhalta foirne is cuí a dhéanamh.
  - ☐ Tuigim go gcoinneoidh Stiúrthóir an Chláir nó an Ceann Scoile agus/nó Déan na Mac Léinn an Nóta faoi Ábhar Imní seo chomh fada agus is gá de réir an Pholasaí seo.
  - ☐ Cé go dtuigim go bhfuil dualgas cúraim ar an Ollscoil tacaíochtaí réasúnta a chur ar fáil dom, táim freagrach as mo shláinte, m'fholláine agus mo ghníomhartha féin agus tá sé de dhualgas orm mé féin a iompar ar bhealach a ligfidh dom leanúint ar aghaidh leis an staidéar

  - ☐ Aontaím go ndéanfaí an cás seo a athbhreithniú (*cuir isteach faoi cheann x lá/seachtaine nó m(h)í*).

| | |
|---|---|
| Sínithe: | Mac léinn |
| Sínithe: | Príomhchomhalta Foirne (Céim 1) |
| | Déan na Mac Léinn (Céim 2) |
| | Cathaoirleach, Painéal Athbhreithnithe (Céim 3) |

Dáta:

**Aguisín 3: Freagra Chéim 2 – Athbhreithniú cáis ildisciplínigh**

## 1. Cuspóir

Tionólfaidh Déan na Mac Léinn cruinniú athbhreithnithe cáis ildisciplínigh i gcomhairle le Déan an Choláiste nuair a dhéanfar freagra Chéim 2 a agairt faoin bpolasaí seo agus déanfar na nithe seo a leanas *inter alia* a mheas ann:

- Tugtar gach eolas don mhac léinn faoin gcineál ábhair imní a cuireadh in iúl
- Éistear le tuairimí an mhic léinn agus cuirtear san áireamh iad
- Tuairimí páirtithe ábhartha eile a fháil
- Plean tacaíochta comhaontaithe agus plean leantach a chur le chéile
- Tacú le mac léinn ar mian leis/léi éirí as dá d(h)eoin féin mar gheall ar ghéarchéim
- A shocrú an bhfuil gá le dul ar aghaidh go dtí Céim 3.

## 2. Daoine a bhíonn i láthair ag an Athbhreithniú Cáis Ildisciplínigh

An Cathaoirleach: Déan na Mac Léinn nó Stiúrthóir Seirbhísí do Mhic Léinn (DSS)

- Déan an Choláiste nó ainmní (riachtanach)
- An mac léinn (bheadh sé inmhianaithe go mbeadh sé/sí i láthair le haghaidh cuid den chruinniú, ach is féidir leis an gcruinniú dul ar aghaidh dá (h)uireasa más gá má dhéantar nóta de go gcaithfear deis a thabhairt don mhac léinn teacht i láthair chun a t(h)uairimí a thabhairt nó a t(h)uairimí a thabhairt i scríbhinn)
- Cara leis an mac léinn/mac léinn eile chun tacaíocht a thabhairt (inmhianaithe)
- Má roghnaíonn an mac léinn gan cuireadh a thabhairt do chara, is féidir leis/léi iarraidh ar oifigeach de chuid na hOllscoile (ainmnithe ag Déan na Mac Léinn, bean amháin agus fear amháin) a bheith i láthair (inmhianaithe)
- Tá sé de cheart ag mac léinn faoi mhíchumas oibrí tacaíochta a bheith in éineacht leis/léi (inmhianaithe)
- Oifigeach Leasa Chomhaltas na Mac Léinn (inmhianaithe)
- An duine/na daoine aonair a thuairiscigh an t-ábhar imní de réir an Nóta faoi Ábhar Imní (inmhianaithe)
- Baill d'fhoireann OÉ Gaillimh ó sheirbhísí do mhic léinn (Aonad Sláinte na Mac Léinn, Comhairleoireacht na Mac Léinn, Seirbhísí Tacaíochta Míchumais, an Oifig Idirnáisiúnta, an Oifig Lóistín) (inmhianaithe)
- D'fhéadfadh go mbeadh saineolaithe seachtracha eile ag teastáil e.g. ionadaí ón Ionad Éigeandála um Éigniú (i láthair de réir mar is gá)
- Tacaíocht riaracháin ó Oifig na Seirbhísí do Mhic Léinn (riachtanach)

## 3. Reáchtáil an Athbhreithnithe

1. Is deis é an cruinniú athbhreithnithe cáis chun freagra comhordaithe a fhorbairt a fhreastalóidh ar riachtanais réasúnta tacaíochta na mac léinn ar an mbealach is fearr. D'fhéadfadh an cruinniú a bheith ina ábhar struis don mhac léinn agus don fhoireann atá i gceist agus ba chóir gach cúram a ghlacadh lena chinntiú go gcuirtear é seo san áireamh leis an gcaoi a labhraítear agus le stiúradh an chruinnithe.
2. Tabharfar fógra 72 uair an chloig ar a laghad go hiondúil don mhac léinn faoin gCruinniú Athbhreithnithe agus cuirfear in iúl dó/di cad é cuspóir an chruinnithe. Cuirfear cóipeanna ar fáil dó/di freisin d'aon cháipéis a dhéanfar a mheas sa chruinniú agus iarrfar air/uirthi aon cháipéisíocht is mian leis/léi a chur san áireamh a chur ar fáil.
3. Roimh an gcruinniú má mheastar go bhfuil gá leis, féadfar fianaise dhoiciméadach ó thríú páirtí oibiachtúil ábhartha e.g. measúnú leighis má chinntear gur gá é, a lorg. Molfar don mhac léinn toiliú leis seo, mar cuirfidh sé ar chumas na hOllscoile aghaidh a thabhairt ar dheacrachtaí an mhic léinn ar an mbealach is éifeachtaí is féidir, agus measúnú cruinn a dhéanamh ar an riosca.

**4.** Úsáidfear measúnú leighis chun na nithe seo a leanas a chinneadh:
- cineál agus raon aon riocht sláinte a d'fhéadfadh a bheith ar an mac léinn
- a p(h)rognóis;
- a mhéad a d’fhéadfadh sé difear a dhéanamh dá c(h)umas leanúint air/uirthi ag déanamh dul chun cinn sásúil agus na héilimh a bhaineann le saol an mhic léinn a bhainistiú;
- aon tionchar nó aon riosca a d’fhéadfadh a bheith ag baint leis do dhaoine eile;
- an gá don Ollscoil tabhairt faoi aon bhearta breise nó socruithe réasúnta a dhéanamh i bhfianaise an reachta sláinte chun cur ar chumas an mhic léinn staidéar éifeachtach a dhéanamh;
- cibé an mbeidh an mac léinn ag fáil aon chóir leighis nó aon tacaíocht leanúnach.

**5.** Iarrfar ar an mac léinn cead iomlán a thabhairt na torthaí ó aon scrúdú leighis a chuirfear air/uirthi atá ábhartha don cheist a roinnt leis an Ollscoil. Aithníonn an Ollscoil gur “sonraí íogaire” a bheidh in aon eolas dá leithéid a nochtfar chun críocha na nAchtanna um Chosaint Sonraí 1998-2018 (arna leasú) agus go ndéanfar é a láimhsiú, a phróiseáil agus a stóráil mar is cuí dá réir.

**6.** Má dhiúltaíonn an mac léinn tabhairt faoi scrúdú leighis má chinntear gur cuí é sin a dhéanamh, féadfaidh an Ollscoil leanúint leis an bpolasaí seo bunaithe ar an eolas atá ina seilbh cheana féin nó modh cuí eile a úsáid chun aghaidh a thabhairt ar an gceist.

**7.** Féadfar na nithe seo a leanas a áireamh san eolas breise atá le cur ar fáil:

- tuarascáil ar ghníomhartha a rinneadh roimhe seo atá i seilbh Oifig Dhéan an Choláiste nó oifig Dhéan na Mac Léinn
- measúnú riosca (Aguisín 1)
- cáipéisíocht eile atá réasúnta agus ábhartha a chuidíonn le cinnteoireacht

**8.** Féadfar an méid seo a leanas a mholadh ag Cruinniú Athbhreithnithe Chás an Mhic Léinn:

- Nach bhfuil gá le haon ghníomh eile agus go leanfaidh an mac léinn ar aghaidh lena c(h)úrsa staidéir.

- Go ndéanfaí monatóireacht go foirmiúil ar dhul chun cinn an mhic léinn ar feadh tréimhse shonraithe. Sa chás seo aontófar plean gnímh atá dírithe ar réiteach leis an mac léinn, ina leagfar amach go soiléir aon tacaíocht a bheidh le tabhairt don mhac léinn agus/nó aon chéimeanna a bheidh le glacadh ag an mac léinn chun aghaidh a thabhairt ar na hábhair imní a aithníodh. Caithfear cruinnithe athbhreithnithe rialta a shocrú idir an mac léinn agus comhalta foirne ainmnithe (lena chinntiú go leanfar an plean gnímh go cuí agus/nó go gcuirtear tacaíocht réasúnach ar fáil chun cur ar chumas an mhic léinn staidéar go héifeachtach). Ní mór an mac léinn a chur ar an eolas freisin faoi iarmhairtí a bhainfeadh le haon sáruithe a dhéanfaí ar an bplean gnímh.
- Moladh a dhéanamh tabhairt faoin staidéar go páirtaimseartha (nuair is cuí agus nuair a bhíonn an rogha sin ann) nó go gcuirfí socruithe speisialta acadúla i bhfeidhm. Níor mhór go mbeadh beannacht an Choláiste ina bhfuil an mac léinn cláraithe ag moltaí den sórt sin. Ba cheart a mholadh don mhac léinn freisin treoir a lorg ó cheann ar bith de na Seirbhísí ábhartha do Mhic Léinn nó ó fhoireann na hOifige Idirnáisiúnta, más mac léinn idirnáisiúnta é/í, chun cinneadh bunaithe ar an eolas ar fad a dhéanamh má aontaíonn sé nó sí le hathrú a dhéanamh ar chúinsí.
- Sa chás go bhfuil an mac léinn ar shocrúchán, nó go gcuirtear a c(h)lár gairmiúil staidéir i mbaol, ba chóir an ‘Polasaí maidir le hOiriúnacht i dtaca le Cleachtadh’ a leanúint.
- Tréimhse saoire neamhláithreachta ón staidéar don mhac léinn a aontú ar feadh

tréimhse a mbeidh an dá pháirtí aontaithe fúithi, le toiliú an mhic léinn agus gan aon phionós airgid. Le linn saoire neamhláithreachta, is éard a tharlaíonn ná go ndéantar 'an clog a stopadh' ar thréimhse chláraithe na mac léinn fochéime. . Ní fhéadfaidh mac léinn saoire a ghlacadh ach amháin ó bhloc iomlán staidéir (i.e. seimeastar nó bliain) agus ní fhéadfaidh sé saoire a ghlacadh le linn téarma nó seimeastair, agus tosú arís ag an bpointe céanna. Féadfaidh mic léinn (lánaimseartha agus páirtaimseartha) saoire a ghlacadh óna gclár staidéir níos mó ná uair amháin ar choinníoll nach mó ná dhá bhliain san iomlán tréimhse iomlán na saoire ón gclár.

- An cás a chur faoi bhráid an Rúnaí Rialachais agus Gnóthaí Acadúla le breithniú faoi Chéim 3 den pholasaí maidir le Tacú le Mic Léinn i Sáinn.
- An cás a chur ar aghaidh le go ndéanfadh an coiste Araíonachta an cás a bhreithniú go hiomlán nó go páirteach.

**9.** Ba chóir taifead a choinneáil ar an bplé, ar an gcomhairle agus ar aon ghealltanais a dhéanann an disciplín agus an mac léinn i Nóta faoi Ábhar Imní (Aguisín 2) ar mhaithe leis an disciplín agus leis an mac léinn araon. Ba cheart an Nóta faoi Ábhar Imní a sheoladh chuig an mac léinn agus chuig Déan an Choláiste laistigh de 7 lá oibre ó dháta an chruinnithe, agus cóip a choinneáil ar chomhad pearsanta an mhic léinn

**10.** Déantar athbhreithniú ar éifeachtacht na mbeart a rinneadh ag iarchruinniú athbhreithnithe ildisciplínigh. Is iad Déan na Mac Léinn nó Stiúrthóir Seirbhísí do Mhic Léinn a shocraíonn cá fhad go mbeidh an cruinniú athbhreithnithe ann agus cén dáta a mbeidh sé ann.

**11.** Tar éis an athbhreithnithe sin in aon cheann de na cásanna thíos

- mura bhfuil an mac léinn ábalta nó toilteanach gealltanas a thabhairt maidir leis an bplean comhaontaithe
- mura bhfuil an mac léinn toilteanach an plean comhaontaithe a roinnt le Déan an Choláiste
- nó má tá go leor imní ann maidir le hiompraíocht an mhic léinn a d'fhéadfadh cur isteach ar a n-oiriúnacht le leanúint ar aghaidh san Ollscoil mar a cinneadh ag an gcruinniú athbhreithnithe ildisciplínigh, déanfaidh Déan na Mac Léinn nó Stiúrthóir Seirbhísí do Mhic Léinn freagra Chéim 3 a agairt agus socróidh sé/sí go ndéanfar cruinniú den Phainéal Athbhreithnithe a ghairm.

**Aguisín 4: Freagra Chéim 3 – Painéal Athbhreithnithe maidir le Tacú le Mic Léinn i Sáinn**

## 1. Cuspóir

1.1 Is é is cuspóir don chruinniú breithniú a dhéanamh ar an bhfianaise atá ar fáil, lena n-áirítear dearcadh an mhic léinn ar na hábhair imní sin, agus teacht ar chinneadh, plean gnímh nó toradh cuí eile. Déanfaidh Déan na Mac Léinn i gcomhairle le Déan an Choláiste freagra Chéim 3 a agairt agus tionólfar cruinniú den Phainéal Athbhreithnithe. Féadfaidh an tUachtarán (tar éis dul i gcomhairle le daoine mar is cuí) mac léinn a chur ar aghaidh go díreach chuig Céim 3, más údar imní an-dáiríre atá i gceist.

## 2. Ballraíocht

Ainmneoidh an Chomhairle Acadúil painéal de chúig dhuine dhéag ar feadh tréimhse ceithre bliana,
agus orthu sin beidh dhá dhuine dhéag ó na ceithre Choláiste (3 as gach Coláiste) agus 3 ionadaí mac léinn, ag cinntiú go bhfuil cothromaíocht inscne i measc bhaill an phainéil agus go bhfuil dóthain ball air atá in ann cás a reáchtáil trí mheán na Gaeilge. Déanfaidh an tUachtarán Ionaid agus Meabhránaí daoine a ainmniú ón bpainéal seo chuig an bPainéal Athbhreithnithe agus chuig an gCoiste Achomhairc (Aguisín 6) agus beidh na hainmnithe sin in oifig ar feadh ceithre bliana de ghnáth.

Is iad seo a leanas a bheidh ar an bPainéal Athbhreithnithe:

- Cathaoirleach, arna cheapadh ag an Uachtarán nó ag Údarás Ainmnithe
- An Rúnaí Acadúil, nó ainmní, mar rúnaí an phainéil
- Triúr ball arna roghnú ag an Uachtarán Ionaid agus Meabhránaí, ón bpainéal a ainmneoidh an Chomhairle Acadúil
- Beirt ionadaithe de chuid na mac léinn, baill d'Fheidhmeannas Chomhaltas na Mac Léinn de ghnáth.

Is iad seo a leanas a bheidh ar an gCoiste Achomhairc:

- Cathaoirleach, arna cheapadh ag an Uachtarán nó ag Údarás Ainmnithe
- Rúnaí an phainéil Achomhairc, arna ainmniú ag an Rúnaí Acadúil
- Beirt arna roghnú ag an Uachtarán Ionaid & Meabhránaí, ón bpainéal a ainmneoidh an Chomhairle Acadúil
- Ionadaí mac léinn amháin, ó Fheidhmeannas Chomhaltas na Mac Léinn de ghnáth.

Ní bheidh aon bhall den Phainéal Achomhairc tar éis a bheith ar an gcéad Phainéal Athbhreithnithe.

## 3. I láthair ag an gcruinniú Athbhreithnithe

- Cathaoirleach
- Rúnaí
- 3 chomhalta foirne acadúla ón bPainéal Athbhreithnithe
- 2 ionadaí mac léinn ón bPainéal Athbhreithnithe
- An mac léinn agus a (h)ionadaí/c(h)omh-mhac léinn/b(h)all teaghlaigh (inmhianaithe do chuid den chruinniú ar a laghad).

## 4. Reáchtáil an Athbhreithnithe

4.1. Socróidh an Cathaoirleach an dáta a dtionólfar cruinniú foirmiúil den Phainéal chun an cás a éisteacht.

4.2 Tabharfar cuireadh i scríbhinn don mhac léinn chuig an gCruinniú Athbhreithnithe agus tabharfar fógra 7 lá ar a laghad dó/di faoi, agus cuirfear in iúl dó/di cad é cuspóir an chruinnithe. Cuirfear ar fáil dó/di freisin cóipeanna d'aon cháipéisí a dhéanfar a mheas sa chruinniú, agus iarrfar air/uirthi aon cháipéisíocht ar mian leis/léi go gcuirfí san áireamh iad a chur ar fáil dhá lá ar a laghad roimh an gcruinniú.

4.3 Féadfaidh ionadaí ó Chomhaltas na Mac Léinn, mac léinn eile nó ball teaghlaigh nó daoine eile de réir mar is cuí a bheith in éineacht leis an mac léinn ag an gcruinniú. Féadfaidh oibrí tacaíochta a bheith in éineacht le mic léinn faoi mhíchumas freisin más gá.

4.4 Déanfar aon choimhlintí leasa a mheas agus déileálfar leo de réir mar is cuí.

4.5 Cuirfidh an Painéal Athbhreithnithe a chuid imeachtaí in ord dá rogha féin agus féadfaidh sé glaoch ar fhinnéithe agus fiosrúcháin a thionscnamh chun cuidiú leis an bplé, lena n-áirítear foireann Sheirbhísí do Mhic Léinn atá ag obair leis an mac léinn, agus d'fhéadfaí tuilleadh measúnuithe gairmiúla, leigheas san áireamh, a iarraidh. Déanfaidh sé measúnú riosca nuashonraithe a bhreithniú chomh maith, más cuí. Déanfaidh an Painéal Athbhreithnithe aighneachtaí agus taifid ábhartha a bhí ann cheana féin a mheas ó fhreagraí Chéim 1 nó Chéim 2 roimhe sin a bhaineann leis an Mac Léinn. Breithneoidh sé aighneachtaí ón mac léinn freisin, nuair a bheidh siad ar fáil. Iarrfar tuairim neamhspleách saineolais ó dhaoine gairmiúla cuícháilithe nach bhfuil coimhlint leasa acu nuair is gá. Is é an Painéal Athbhreithnithe a dhéanann an cinneadh deiridh ar an ngníomh is iomchuí tar éis gach eolas ábhartha a bhaineann le cás an mhic léinn a mheas.

4.5 Bíonn feidhm le tromlach simplí i gcás nach mbeidh comhaltaí an Phainéil d'aon toil. Liostaítear na torthaí a d'fhéadfadh a bheith ar imeachtaí Painéil Athbhreithnithe i gCuid 4.6 thíos. Cuirfear cóip d'aon toradh, ina mbeidh na cúiseanna leis an gcinneadh, chuig an Uachtarán Ionaid agus Meabhránaí, tríd an Rúnaí Rialachais agus Gnóthaí Acadúla, agus chuig an mac léinn a luaithe is féidir le réasún.

4.6 Féadfaidh ceann amháin nó níos mó de na nithe seo a leanas a bheith san áireamh sa chinneadh:

1. Go ndéanfaí monatóireacht go foirmiúil ar dhul chun cinn an mhic léinn ar feadh tréimhse shonraithe. Sa chás seo, cuirfidh an Painéal plean gníomhaíochta comhaontaithe ar fáil don mhac léinn, ina leagfar amach aon tacaíocht a chuirfear ar fáil don mhac léinn chun dul i ngleic leis na hábhair imní a aithníodh, agus/nó aon chéimeanna a chaithfidh an mac léinn a ghlacadh. Plean gnímh nua a bheidh ann a mhairfidh ceithre seachtaine ar a mhéad. Caithfear cruinnithe athbhreithnithe rialta a shocrú idir an mac léinn agus comhalta foirne ainmnithe (lena chinntiú go bhfuiltear ag freastal go cuí ar an bplean gnímh agus/nó go bhfuil tacaíocht réasúnach á cur ar fáil chun a chur ar chumas an mhic léinn a bheith ag staidéar go héifeachtach). Ní mór an mac léinn a chur ar an eolas freisin faoi iarmhairtí a bhainfeadh le haon sáruithe a dhéanfaí ar an bplean gnímh.
2. Tar éis dul i gcomhairle leis an disciplín acadúil, go n-aistreodh an mac léinn ó staidéar lánaimseartha go staidéar páirtaimseartha le tacaíocht; go gcuirfí socruithe acadúla speisialta i bhfeidhm; nó go nglacfadh sé/sí sos óna c(h)uid staidéir. Ba chóir comhairle a chur ar an mac léinn treoir a lorg ó na seirbhísí cuí (Seirbhísí do Mhic Léinn, Oifig na dTáillí) maidir leis na himpleachtaí a bheadh lena leithéid de ghníomh. Cuirfear an mac léinn ar an eolas faoin méid a tharlódh mbeifear in ann na hábhair imní a aithníodh a réiteach chun sástacht na hOllscoile.
3. Go molfaí don Uachtarán a (h)údarás chun an mac léinn a chur ar fionraí nó a eisiamh a chur i bhfeidhm.
4. Aon ghníomh eile a mheastar atá iomchuí agus comhréireach.

4.7 Tabharfar tuairisc freisin ar thoradh na héisteachta don Chomhairle Acadúil gan an mac léinn atá i gceist a ainmniú ar chúiseanna príobháideachais.

4.8 Ba chóir taifead a choinneáil ar an bplé, an chomhairle agus aon ghealltanais a dhéanann an disciplín agus an mac léinn ar bhileog taifeadta "Nóta faoi Ábhar Imní" (Aguisín 2) ar mhaithe leis an disciplín agus leis an mac léinn araon.

**Aguisín 5: Fionraíocht Shealadach**

I gcás inar dealraitheach, i dtuairim an Uachtaráin, tar éis dul i gcomhairle mar is cuí, go bhfuil forais imní ann maidir le hiompraíocht mic léinn (e.g., más bagairt iad do shláinte agus do shábháilteacht iad féin nó daoine eile, nó má chuireann siad isteach ar obair na hOllscoile), ansin beidh sé/sí i dteideal mac léinn a chur ar fionraí ar an mbonn seo a leanas: -

1. Is fionraíocht shealadach í an fhionraíocht sin chun pobal na hollscoile a chosaint agus, tríd is tríd, tá an tUachtarán den tuairim go bhfuil an dualgas cúraim atá ann i leith daoine eile níos tábhachtaí ná aon ní eile sna cúinsí atá i gceist.
2. Féadfar duine a chur ar fionraí ó bhéal agus éifeacht a bheith leis an bhfionraíocht sin de réir mar is cuí leis an Uachtarán agus déanfar an fhionraíocht a dhaingniú i scríbhinn a luaithe is indéanta.
3. Go dtuairisceoidh an tUachtarán aon fhionraíocht den sórt sin don chéad chruinniú sceidealaithe eile den Chomhairle Acadúil agus go ndéanfaidh sé/sí athbhreithniú uirthi, i gcomhchomhairle le daoine eile de réir mar is cuí, gach coicís ina dhiaidh sin ar a laghad. Coinneoidh an tUachtarán an Chomhairle Acadúil ar an eolas faoi seo ag na cruinnithe atá sceidealaithe le linn na tréimhse fionraíochta sealadaí.
4. Ní mheasfar gur léiriú í an fhionraíocht sin ar cé acu a chruthaítear nó nach gcruthaítear go bhfuil forais ann maidir le hábhar imní.
5. Féadfar an fhionraíocht sin a theorannú d'áitribh, socrúcháin nó gníomhaíochtaí Ollscoile áirithe nó do mhodúil staidéir áirithe.
6. Go ndéantar gach iarracht <u>réasúnta</u> leanúint de bheith ag tacú le staidéar acadúil an mhic léinn ionas nach mbeidh an mac léinn faoi mhíbhuntáiste acadúil oiread agus is féidir le linn na fionraíochta sealadaí. I gcás nach bhfuil sé indéanta tacaíocht acadúil a sholáthar, leanfaidh an tUachtarán de thuarascáil a sholáthar don Chomhairle Acadúil ag gach cruinniú sceidealaithe den Chomhairle Acadúil fad a bheidh an fhionraíocht i bhfeidhm.
7. Ní bheidh an fhionraíocht sin níos faide ná an t-am a theastódh chun go mbreithneofaí an cás agus go ndéanfaí cinneadh ina leith faoin bpolasaí seo maidir le Tacú le Mic Léinn i Sáinn nó chun go n-éistfí agus go ndéanfaí cinneadh maidir le hachomharc.
8. Go bhfeidhmeofar an chumhacht sin go cúramach agus go dtabharfar aird chuí ar cheartas nádúrtha agus ar nósanna imeachta córa.
9. I gcás ina bhfeidhmíonn an tUachtarán an chumhacht fionraíochta, cuirfidh sé/sí Dhéan an Choláiste agus/nó Déan na Mac Léinn ar an eolas agus gairfidh siadsan cruinniú den Phainéal Athbhreithnithe faoi Chéim 3 i ndiaidh an dáta ar cuireadh an fhionraíocht i bhfeidhm.

## Aguisín 6: Achomharc

1. Is féidir le mac léinn achomharc a dhéanamh i gcoinne chinneadh an Phainéil Athbhreithnithe chuig Coiste Achomhairc an Pholasaí maidir le Tacú le Mic Léinn i Sáinn i gcás cinneadh a rinneadh faoi Chlásal 4.6 d'Aguisín 4. Féadfar achomharc a dhéanamh i gcoinne an chinnidh ar fhorais neamhrialtacht a bheith ann maidir le nós imeachta ábhartha a chuaigh i bhfeidhm go follasach ar an toradh nó go bhfuil faisnéis ábhartha nua ar fáil, nach raibh ceann de na páirtithe in ann a sholáthar, ar chúiseanna bailí, nuair a bhí an t-ábhar ann á fhiosrú agus a mbeadh tionchar suntasach aige ar an toradh. .
2. Ní mór achomhairc den sórt sin a bheith i scríbhinn agus a thaisceadh le Cathaoirleach an Choiste Achomhairc laistigh de 5 lá oibre ón dáta ar cuireadh cinneadh ón bPainéal Athbhreithnithe chuig an mac léinn sa phost. Ní mór forais an achomhairc a bheith sách mionsonraithe san achomharc.
3. Bunóidh an Chomhairle Acadúil Coiste Achomhairc chun breithniú a dhéanamh ar aon achomharc a eascróidh as cinneadh an Phainéil Athbhreithnithe. Ainmneoidh an Chomhairle Acadúil painéal de chúig dhuine dhéag ar feadh tréimhse ceithre bliana, mar atá leagtha amach in Aguisín 4, ag cinntiú go bhfuil cothromaíocht inscne i measc bhaill an phainéil agus go bhfuil dóthain ball ann atá in ann cás a reáchtáil trí mheán na Gaeilge.
4. Ainmneoidh an tUachtarán Ionaid & Meabhránaí triúr ón bpainéal seo chuig Coiste Achomhairc an Pholasaí maidir le Tacú le Mic Léinn i Sáinn; ainmneoidh an tUachtarán Cathaoirleach ó Phainéal an Pholasaí maidir le Tacú le Mic Léinn i Sáinn.
5. Triúr comhaltaí is córam don Choiste Achomhairc d'aon chruinniú nó éisteacht.
6. Ní bheidh aon chomhalta den Phainéal Athbhreithnithe do mhac léinn ina chomhalta den Choiste Achomhairc don mhac léinn sin.
7. I gcás go ndéantar Achomharc de réir mar atá ráite thuas, cuirfear siar an cinneadh a rinne an Painéal Athbhreithnithe go dtí go gcinnfear an t-achomharc. Beidh cead ag an mac léinn leanúint ar aghaidh ag staidéar fad a bheifear ag fanacht ar thoradh an achomhairc agus le linn na tréimhse iarchurtha seo. Níl feidhm ag an bhforáil seo maidir le hiarchur i ndáil le fionraíocht shealadach i gcás inar dóigh leis an Uachtarán go bhfuil gá le fionraíocht, ag cur gach rud sa mheá, chun an pobal a chosaint agus go bhfuil an dualgas cúraim atá dlite do dhaoine eile sáraitheach sna cúinsí atá i gceist.
8. Nuair a bheidh achomharc faighte aige/aici, cuirfidh Cathaoirleach an Choiste Achomhairc, a luaithe is indéanta, fógra faoin achomharc chuig an gCoiste Achomhairc agus chuig an bPainéal Athbhreithnithe agus iarrfaidh sé nó sí ar an bPainéal achoimre chruinn ar an bhfianaise agus ar aon aighneacht a thugtar le linn athbhreithniú an Phainéil a thabhairt don Choiste Achomhairc, lena n-áirítear Nótaí Imní ó fhreagraí roimhe sin ar Chéim 1 nó ar Chéim 2, torthaí an Phainéil Athbhreithnithe agus na torthaí a cuireadh i bhfeidhm ar an mac léinn. Déanfaidh Cathaoirleach an Phainéil Athbhreithnithe, nó a (h)ainmní, é sin a thabhairt don Choiste Achomhairc a mhéid is indéanta laistigh de 10 lá ón tráth a n-iarrfaidh Cathaoirleach an Choiste Achomhairc air nó uirthi é sin a dhéanamh.
9. Déanfaidh an Coiste Achomhairc, dá lánrogha féin, an t-achomharc a mheas ar shlí is cuí le haghaidh chúinsí an cháis, ag féachaint don chothroime agus don phróis chuí.
10. Ní bheidh sé d'oibleagáid ar an gCoiste Achomhairc tuilleadh aighneachtaí a éisteacht ná glacadh le haighneachtaí breise ón mac léinn, cibé acu i scríbhinn nó ó bhéal, ach má bhíonn sé sásta déanamh amhlaidh, ní mór fógra a thabhairt don mhac léinn i scríbhinn agus ní mór

an dáta, an t-am agus an suíomh a shonrú san aighneacht ó bhéal nó an dáta le haghaidh aighneachtaí scríofa a sheachadadh, ar dáta é, ach amháin i gcúinsí eisceachtúla, nach luaithe ná 10 lá nó níos mó ná 30 lá ó dháta an fhógra sin, mura sonraítear a mhalairt.

11. Beidh an chumhacht ag an gCoiste Achomhairc, más cuí leis é, éisteacht nua a thionól maidir leis an ábhar.
12. Déanfaidh an Coiste Achomhairc cinneadh maidir leis an achomharc agus tabharfaidh sé cibé breith is cuí sna cúinsí atá i gceist ag cur gach ní san áireamh. Beidh sé de chumhacht ag an gCoiste Achomhairc cinneadh an Phainéil Athbhreithnithe a leasú go hiomlán nó go páirteach. Féadfaidh an Coiste Achomhairc treoir a thabhairt don Phainéal Athbhreithnithe tuilleadh athbhreithnithe a dhéanamh ar an seasamh a ghlacfaidh siad.
13. Beidh cinneadh an Choiste Achomhairc críochnaitheach agus ceangailteach agus déanfar é a thuairisciú don Uachtarán Ionaid agus Meabhránaí agus don Chomhairle Acadúil.